Tāinic Cruimthir Dathī dia n-acallaim iar sin. Atconnaire a bhfuighle et adubairt re Comgall : « Uair as tusa rofurāil an proinn do chaithim, cu rabh būaidh crābuid at baile dogrēs 7 gach duine tinnsenas crābud acat, rath crābuid fair. » Adubairt re Colum Cille : « Or as tusa as lugha rochaith don proinn, cach duini troiscfeas let a tosach a crābuid, būaidh crābuid dōibh. » Adubairt re Caindech : « Ár is tusa is mō rochaith don proinn, sonus bīd 7 lenna at baile ».

Et dorōnsat a n-ænta 7 a cadach iarum.

II. ST. PATRICK UND LAEGAIRES SOHN LUGAID.

Fol. 44 a 1.

(Vgl. R. FLOWER, Catalogue of Irish MSS. in the British Museum, Vol. II, S. 518, § 65.)

[A]raile fectus tānic Pātraic cu Temraigh ar amus na rīghna bāi oc Læguiri mac Néill d'foirithin a meic imonn ainces būi fair .i. Lugaid mac Læguiri, 7 ba dífuluing mét a shātha 7 is ecmaing mad dhogeibhthe díl a sātha dhó. Cu tucad a n-oenchum re Pátric hē. Et rochuir scallac mhōr don arān bāi i bhfiadhnuise na clēirech ina bēl cur lean ina brāghuit, gu rabha oc dul a anma as. Tucadh liach cuice 7 bainne innti 7 rodoirteadh i ceann na bloighi bāi ina brāghuit. Tairrngidh sium in léigh 7 suidhid cuice hī 7 tēit a anum as. Cuiridh cu mōr ar Pātraic sin 7 tēit ina chroisfighill 7 adubairt nach rachad biadh 'na bēl nogu taithbeoighthe Lugaid. Rotroiscset iarum trí lā cona n-oiighthibh re Michēl ima furtacht. Doríacht iar sin Michēl cuigi i bhforceann in treas aighthi i richt eōin 7 nīr cu-maing silled fair lasna ruithne gríandai bātar uime. « Ratbeannacha Dia ! » ol sé. « Cía annso ? » ol Pātraic. « Michēl archaingel sunn. » « Atlochur do Dīa h'acalduimh, » ol Pātraic. « Cídh dia tānacais ? »

40. Gairitt bheithear dá buain dí
Muire agus moille a feirge
mó an anáir lé ná linne
mé d'fhagháil a hinntinne.

Tine.

DREI ERZAEHLUNGEN
AUS DEM BUCH VON LISMORE

I. COLUM CILLE, COMGALL UND CAINNECH.

Fol. 43 b 2.

Colum Cilli 7 Comghall 7 Caindech dochūatar do thigh Crumthir Dathī ar āidhighecht iar caithimh a proinne don mhuinntir. Is ē gnāthughudh dobhīdh ag Crumthir, ceadh ūasal ant āidhi noroised a haithle a proinne chuige, nā tibred bīadh dō cu harabā-rach. Rohiadhudh int aracul forra-som iar sin (44 a 1) 7 nī tugad proinn cu harnabhāruch dōibh 7 nīr fētsat in tech d' fāgbāil la daingne an iadhtha bái fair, ciamad āil dōib.

Tucad proinn dāibh cu moch arnamhāruch 7 ba háine ann do sunnraid. 7 is amlaid tucad in proinn dōib 7 soiscēl Cruimthir fuirre dia furāil forusa, ar rofitir nobiath mōit forro 7 comad lease leo a caithimh 'san āine. Adubairt Colum Cille nā caithfed bīadh 'san āine. Adubairt Comghall roba cōra a caithium ar an soiscēl, ciarbhó āine ann. Adubairt Caindech robo cōra a chaithimh 7 doneth cāch a chrābud. Adubairt Colum Cille :

« Nocho loingiubh-sa cu moch
isin āine dīdine,
ūair is ē mu lā catha
tar cenn flatha firinne. »

Adubairt Comghall :

« Caithem sēre ar soiscēlu
adhram Críst nā rub meabul,
nā rub caithium 'nar n-ōenar
tre cōir bāguil ar demhan. »

40 a, dá D. gá G, go N ; bhain D ; dé NG, dí D.

Adubhairt Caindech :

« Mad dia teacmād cēle Dē,
loinged, lūisseadh immale,
intan bīas cāch araglan
cach ac aragan dognē. »

Giarbo leasc la Colum Cille, docaith becān don proinn. Docaith Comhghall tres mhaith don proinn. Moo rocaith Caindech inā cech fear díb.

Tāinic Cruimthir Dathī dia n-acallaim iar sin. Atconnaire a bhfuighle et adubairt re Comgall : « Uair as tusa rofurāil an proinn do chaithim, cu rabh būaidh crābuid at baile dogrēs 7 gach duine tinnsenas crābud acat, rath crābuid fair. » Adubairt re Colum Cille : « Or as tusa as lugha rochaith don proinn, cach duini troiscfeas let a tosach a crābuid, būaidh crābuid dōibh. » Adubairt re Caindech : « Ár is tusa is mō rochaith don proinn, sonus bīd 7 lenna at baile ».

Et dorōnsat a n-ænta 7 a cadach iarum.

II. ST. PATRICK UND LAEGAIRES SOHN LUGAID.

Fol. 44 a 1.

(Vgl. R. FLOWER, Catalogue of Irish MSS. in the British Museum, Vol. II, S. 518, § 65.)

[A]raile fectus tānic Pātraic cu Temraigh ar amus na rīghna bāi oc Læguiri mac Néill d'foirithin a meic imonn ainces būi fair .i. Lugaid mac Læguiri, 7 ba dífuluing mét a shātha 7 is ecmaing mad dhogeibhthe díl a sātha dhó. Cu tucad a n-oenchum re Pátric hē. Et rochuir scallac mhōr don arān bāi i bhfiadhnuise na clēirech ina bēl cur lean ina brāghuit, gu rabha oc dul a anma as. Tucadh liach cuice 7 bainne innti 7 rodoirteadh i ceann na bloighi bāi ina brāghuit. Tairrngidh sium in léigh 7 suidhid cuice hī 7 tēit a anum as. Cuiridh cu mōr ar Pātraic sin 7 tēit ina chroisfighill 7 adubairt nach rachad bíadh 'na bēl nogu taithbeoighthe Lugaid. Rotroiscset iarum trí lā cona n-oiighthibh re Michēl ima furtacht. Doríacht iar sin Michēl cuigi i bhforceann in treas aighthi i richt eōin 7 nīr cu-maing silled fair lasna ruithne gríandai bātar uime. « Ratbeannacha Día ! » ol sé. « Cía annso ? » ol Pátraic. « Michēl archaingel sunn. » « Atlochur do Día h'acalduimh, » ol Pātraic. « Cídh dia tānacais ? »

ol sí. « Dot coimhdhíghnad-sa, » ol Míchél, « 7 dot foiridin imon aincis fil ocut, 7 rocruidh bic thú, » ol Míchél, « 7 is eimilt do Thig-erna romat 7 tãnacc-sa cugad don chur sa... 7 nĩ hẽ na filet toscat eimilta ele acum mena bheth do dermaire-siu. »

Is annsin tãinic int ẽn ar amus Luigdech 7 rosãidh a ghulban 'na brãghuit 7 rotarraing in lãigh 7 in mbloigh asa brãghuid 7 roẽirigh 7 tuc a lãim dar a agaid 7 tẽrla 7 nĩrbo mō a dãethain inãs cech duine asa haithle.

Conadh annsin roordaig Pãtraic mĩr Míchél, 7 hach Míchél ó cech ẽen, ut dixit Patricius :

« Mairg caithius proinn, a Chrĩst cain,
in cẽin bĩs forsin talmain,
cin dechmad do rĩgh na nẽl
ocus gan mĩr do Míchél. »

III. MAOL PÓIL UND DIE TOTE NONNE.

Fol. 44 b 1.

(Vgl. R. FLOWER, Catalogue..., Vol. II, S. 513, § 14.)

Maol Põil hũa Cinãetha .i. ab Mainistreach Cilli Becãin robhũi 7 manach aili ac lũadh astrolãice. Mar docotail iar sin, confaca chuice mainces soiscẽla robo marbh sẽ lã roime sin 7 gerãn mōr aice. Cumain leis a hẽc. « Cinnus atãthar ann sin, a bannscãl? » or sẽ. « Cuma dhuit-si õn, » or sí, « ac lũadh astralaice 7 gan mh' ẽc-nairc-si do ghabhãil. Mairg doghnĩ dano, » or sí. « Cĩa h' ẽcnaircc-si bud ãil duit ũaim, a bannscãl? » or sẽ. « In bĩait õn, » or sí, « in bĩait a ndeagaid na bĩaiti, in bhĩait ar in mbĩait, in bhĩait fon mbĩait, » or sí fot a hanãla ic furãil na bĩaidi do ghabãil co menic fuirri, connã fuil acht aithfrenn na marbh ẽccnairc is mó onõir ac Dĩa inã in bĩait, ut dixit :

In mháin is ferr ar talmain
tabrad nech hĩ ar a anmain,
acht is buidecha Dĩa de
do sírghabãil na bĩaide.

DEUX POÈMES AMOUREUX DU XVII^e SIÈCLE

Ces poèmes sont tirés du manuscrit irlandais de Rouen N^o 1678, décrit dans la Revue Celtique, t. XLV, p. 298 et ss. Ils portent dans cette description les numéros 10 et 11 (pp. 302 et 303). Ils figurent également dans d'autres manuscrits, que la même description mentionne, et notamment dans le manuscrit Egerton 127, du British Museum, daté de 1775, où ils ont été copiés à la suite l'un de l'autre (cf. Robin Flower, Catalogue, p. 64). M. J.G. O'Keeffe a eu la grande obligeance de transcrire pour moi le texte du manuscrit Egerton. A part une ou deux variantes insignifiantes, indiquées en note, ce texte est exactement semblable à celui du manuscrit de Rouen; on notera que pour le mot miusic, les deux manuscrits portent à deux endroits différents à la fois miusic et múisic. La femme aimée dont il est question dans chacun des poèmes symbolise apparemment l'Irlande.

I

(Rouen 1678, p. 73, et Egerton 127, fol. 30 b).

FILE ÉIGIN .CC.

1. Do mhúsgail me tar eis luighe aráeir go sáimh
's do chfú rem tháebh áen bhruinnioll mhín-dheas mhná,
ba múinte méin mháerdha 's ba crionna cáil
d'úrfhuil ráeidh déithe no rioghthe d'fhás.
2. Air ttús do léig Séaghainn na mbráoighthe ttár
go lúthmhar sgéithe gháetha Chupído um dháil,
as tuirseach tréith thug mo chroidhe 'n a chneadhaibh
tre úirlinn ghéir cháeilnimhe shoighide an ghráidh¹.
3. Adubhairt an ghéug shaerleabhair shaoithe sháimh
re múisic shéimh tar éis misí dhí do chrádh :
« bia tu red ráe a ngéibhionn, ar sí, 's a bpáis,
go smuáinir cia an té chuir na gaoithe gráidh ».
4. Shíobhlas féin Ére fo thrí 'n a deaghaidh,
cúan Locha Cé éigneach as craoibhEas Maighe²,
go múr Locha Léin léigim arís mo stáid
's nior thúisge mé ag³ Éirne no ag rioghloch nÉadhach.

¹ ghrádh MSS. — ² Maigh MSS. — ³ aig Eg.

5. Go Plúto théim d'fhéchain Chosiótus lágach
go múrbhruth aeghalta¹ Aenghais do frithdheagh mo thásg,
ba siobhlach mé ar Dhéirdre 's ar Íbhioll fáidh,
air rún chroidhe gach áenfhir² 's ar chláonadh cháidh.
6. Do smúainios féin tar éis iomad críoch do thrácht
gur chúis leamh-bhaeth édrom gan bhrígh mo dháil
's nach dúil don fráeimh dhaenda bhí dom chrádh
acht Iuno thrén, Bhenus no Minerbha.
7. As lúthmhar léir cáolchrobb an rfbhiongáin
ar lúth ar shéimh threnchruit as bhirginail³
as cúmhra séis cháemhghoitha a caoinghoib cháidh
re míusic shéimh shéaganta chaoin-orgáin.⁴

Finit.

II

(Rouen 1678, p. 75, et Egerton 127, fol. 21).

FILE ÉIGIN .CC.

1. Do radas searc shíor don mhnaoi re ráidhtior Cúach
rer gadadh mo chroidhe 'na clíse tá 'na shúan,
lagaigh mo bhrígh re mbím go cráidhte trúagh,
's gan agam na dhíol acht míle bás gach úair.
2. As bachallach, dláoitheach síos go sáil dar⁵ Dúach,
caisirneach, coinnleach a gnáoi 's a sgáil gan ghrúaim,
a ramhar-fholt ríghin gach táoibh a trácht anúas,
's a feacadh fo thrí ann gach dláoi go bárr a dúail.
3. A mala⁶ mar sgríbhinn cháoil ar phár mar ghúal,
a dearca ann i mbíd gér-shoighde an ghráidh go búan,
lasadh mar ghrís gan timhiol doghnath 'n a grúaidh⁷
's mar eala ar an tuinn a píob as aille snúadh⁸.

¹ áeghalda Rouen. — ² anhir Rouen. — ³ Comme M. J. G. O'Keefe me le fait remarquer, il s'agit de l'instrument de musique appelé *virginal*, sorte d'épinette en usage aux XVI^e et XVII^e siècles en France et en Angleterre. — ⁴ chaoin-orgán MSS. — ⁵ dair Rouen. — ⁶ mála Rouen. — ⁷ gruaigh Rouen. — ⁸ shnuadh Rouen.

4. As cneasda 's as binn 's as cáoin 's as grádhmhar súaire
a labharrtha grinn 's as lionmhar sáimh gan chlúain,
a leabhar-chrobh mín re sgríobhtar frás ar stúaign,
agus maisi go dimhin do phriomhfhuil Adhaimh teacht úaidh.
5. As dearbh gurab í do chláoi na táinte slúagh
's gur thrasgair na mílte sáoi atá 'sa n-úaign ;
i nglasuibh gan sgáoileadh bíd go bráth i ngúais
no go ttarraing an bhrídeach soighead gach cneadha dar bhúail.
6. Táid fearchoin dráioith ar tí¹ gach sdráill gan sdúaim
do labhair gan cháoi ar an ríogain mbréagh² gan trúail ;
tairgidh dioghaltas chlaoidheamh na sárfhear súaire
gach sgramaire dhiobh na mhíle páirt gan trúaign.
Finit.

¹ ar thí Egerton. — ² mbréadh dans les deux manuscrits.

TWO MEDICAL FRAGMENTS

The two following fragments are taken from the Royal Irish Academy MS. 23. P. 20, and form passages inserted between two different sections of the text. MS 23. P. 20 consists of an Irish translation of the Rosa Anglica of John of Gaddesden (Johannes Anglicus), 44 pages in all, with some few portions of other material interspersed. I have been unable to identify any Latin original for these two extracts. I have edited this entire text which has been published by the Irish Texts Society (Vol. 25), herein referred to as R. A. Part of the following fragments occurs also in Trinity College, Dublin, MS. H. 2. 3. (H), p. 11b (A) and p. 16 (B), and in British Museum MS. Arundel 333, p. 27b (A) and p. 16 (B), the two latter greatly condensed. Variant readings and portions in square brackets are from H. All obscure words will be found in the vocabulary to R. A. A partial translation of the portion in Arundel 333 occurs in O'Grady's Catalogue of Irish Manuscripts in the British Museum, p. 241. These fragments should follow on pp. 118 and 160 in R. A.

1. Fiarfaigter in ona cosmailius no ona contrardha is cora na seandaine doilemain, derbtur curub on cosmailius, oir adeir Galienus co ndlighenn in áois 7 in coimplex dfollamnugad co brach ona cosmailius 7 derbuidh se do reir ugdurais Ipocraid noch co ndleghtur na neithi nadurdha dfollamnugad ona cosmailius 7 is nadurdha in áois, masead is ona cosmailius is cora na seandaine doilemain ; 7 adeir Galienus gurub ona cosmailius is coir na daine slana doilemain, 7 is¹ slan na seandaine, masead is ona cosmailius is coir i noilemain, 7 derbtur do reir Galienus noch adeir mar so .i. is and adermuid nech do beith eslan an trath teit se tara naduir fein, 7 ni teit an senoir tara naduir fein .i. tar an naduir ina du do do reir a aoisi, masead docitur gurub slan iad, oir ata radure 7 eistacht 7 gach ni ele is dú do do reir a aois, masead fagtur gurub trina cosmailius is du na seandaine doilemain. Et ata Galienus ina aiged sin mar a nabuir se co ndleghtur gach uile ní ainmesurda do breith cum mesurdachta an ní ainmesurda 7 atait na senoire ainmesurda fuar tirim, 7 te 7 fliuch is contrarda don beathaid is coir dfollamnugad, 7 fedtur an resun so do daingniugad mar so, oir is slighe comlinga² an tsendacht 7 te 7 fliuch is tosach don beathaid, masead is iad foghnas and, oir is iad baccus an teg (17b) 7 coimedas in beatha. Adermuid curub fuar tirim na senoire 7 gurub bec dful 7 do tes 7 do spiriduib ata indtu 7 gurub cumung³ a poire 7 gurub anmun a ndilegad 7 is mar [sin] tuicim and so co leir nach slan na senoire c[o hairidti] oir ní bit coidhchi gan geran⁴ 7 ni heslan co hairidti iad lo do clunit siad 7 eistid 7 lo ata acu gach cungill is coir doibh⁵, 7 o nach slan 7 o nach eslan iad, masead is nemnechtarda iad, 7 foillsighi Galienus sin, oir adeir se an trath bis eslainti mor [ar nech] 7 eirges nech aisti gurub nemnechtarda é, oir is becc dful 7 do spiriduib... [bis and 7 trid sin is cosmail] iad do reir foillsighthi nemnechtarda an nech eirges a heslainti.

2. Aderim co ndentur an follamnugad reim coimedach trit an contrardacht leth amuith don ceim in uair is ail linn raod do reim coimed[ach] ... nach bia se ní is mesa da mbia se sa 3 ceim... 7 doniter

¹ ní. — ² ega. — ³ cass add. — ⁴ cf. R. A., p. 116. — ⁵ do reir a naoisi add.

in follamnugad coimedach gacha dirga trit an cosmailius, 7 mad ail lind ní fuar tirim sa 3 ceim tai[niste] do coiméd neithi fuar tirim isin ceim cedna dleghar a tobairt doib. Et ata follamnugad ailemnach and 7 is ris sin aderur follamnugad mesurda ac dul cum tesa 7 cum fliche 7 is e sin fognus dona dáinibh anmanna eslana 7 don lucht bis ar digbail ina tes 7 ina spiriduibh.

3. Et tuic and so ca meid modh a nabur eslainti uilidhi .i. aderur eslainti uilidhi o uilidecht gabala, 7 da reir sin is uilidhi in fiabras 7 aderur eslainti uilidhi o uilidecht condmala, 7 da reir sin is eslainti [uilidhi] an nescoid 7 in tat, mar ata an tateomull 7 in potagra, oir aderuid na hughduir co connmuid siad gach uili cinel eslainti inn-tu fein ; 7 aderur hi o uilidecht gan dechfir, 7 is mar sin is eslainti uilidhi an bolgach 7 in bruitinech, oir bit siad gan dechfir in gach rand don corp. Et aderur hi o uilidecht brighe, 7 da reir sin is uilidhi an tallus an uair tic do reir faothuighe 7 tar eis comartai an dilega .i. in trath bis nert ag an brigh ar adbur na heslainti isin corp uili. Et aderur hi o uilidecht truailighti, da reir sin is uilidhi in lubra. Et aderur hi o uilidecht cuis ar son gurub bec nach cuis 7 nach mathair do gach uilidecht¹ hi, da reir [sin] is uilidhi in rema, oir is cuis do gach eslainti² é, 7 is eslainti uilidhi an tisis, oir is cuis deslainti uilidhi hí [.i. don]³ eitici. Et aderur hi o uilidecht doniter o moran deslaintib 7 da ballaib, 7 da reir sin is eslainti uilidhi an flux, oir doniter é on gaili 7 ona haoib 7 on incinn 7 ona hindibh 7 on[a] ballaib ele nach labhramuid. Et aderur hí o uilidecht gortuighthi, da reir sin is eslainti uilidhi an galur tuitimnach⁴ 7 a cosmailius, oir gortuighe se in corp uili ina aaxis noc condmas leth an cuirp uili ina aaxis⁵ isin pairilis 7 a pairilis na tengad no an meir no baill rannuighe. Et aderur [hi] o uilidecht oirida, da reir sin is uilidhi eslainti [an croidi mar] ata crith 7 anmuinde, 7 eslainti an cinn mar ata a teines, 7 eslainti na nao mar ata tes no (18a) a ndunadh, 7 eslainti na nuirgid mar ata in aimridecht. [Et aderur] hi o uilidecht coimcenguil .i. ar son co [ceng]land an ball a mbí sé re ball ele, da reir sin is uilidhi eslainti in gaili mar ata sgethrach 7 esba dilega 7 [gaoth]muirecht, 7 eslainti na nindid mar ata gaothmuirecht 7 colica 7 ilica, 7 eslainti na narunn 7 in lesa mar ata cloch, oir is boill⁶ coitcinda uilidhi so noch doni serbis don corp uili. Et aderur

¹ uile eslainti. — ² moran d'eslaintib. — ³ lit. an. — ⁴ eipilepsia Ar. 333. — ⁵ ac fecaint. — ⁶ eslainti.

hí o uilidecht toitid¹, 7 tuic da reir sin co fuilid trí gneithi arin crupan .i. [te]atanus mar comtairrngter feithi in droma [7 leith]e na haighci 7 is eigin donti ara mbi sin [beith] ina certsesam. Gne ele de .i. euaptostinus [mar] crapuidhter feithi na haighchi amain 7 is eigin donti ara mbi sin beith ac fecuin sis do gnath. An 3 gne .i. empetostinus mar crapuidhter feithi in droma amain 7 is eigin donti ara mbi sin beith ac fecuin suas do gnath, da reir sin is eslainti uilidhi teatanus mar crapuidhter na feithi do gach leth ac fecuin an leiti ele 7 na gneithi ele acht daontaob amain. [Et] aderur eslainti uilidhi .i. eslainti coitcind uilidhi, da reir sin is eslainti uilidhi na cneada 7 gach uili creacht.

B

R. I. A. MS. 23. P. 20, p. 23a, l. 41.

1. [Q]uia dictum est primus quodh duo tractatus primi erunt de morbi[s] uineuersalibus .i. o do labrumar gustrasta ar tus co mbedís in da cedtrachtadh don lebur so dona heslaintib (23b) uilidhi, da reir sin is coir duin a fis do beith againn ca minca aderur inn eslainti do beith uilidhi, oir aderur hi do beith uilidhi a moran do modhuibh 7 ar tus on ni tachmuing in corp co huilidhi 7 is andsa modh so aderur in fiabras ina eslainti uilidhi amail adubrumar romuinn. *Item* aderur uilidecht uilidhi continoidech, oir tachmuingid si gach uili cinél galuir, mar atait aitt 7 nescoidi 7 idropis 7 potogra. *Item* aderur uilidecht neimdechfrech uilidhi na mball co huilidhi, mar ata bolgach 7 gerba noch ata o uilidecht na mball², oir is neimdechfrech iad in gach rand don corp co huilidhi. *Item* aderur uilidecht na mbrigh risin nallus in tan fo tic se deis comartha in dilega ina tigernuighid na briga deis comartha in dilega dinnarbad adbur na heslainti.

2. Modh ele i nabor uilidhecht uilidhi truaillighthi 7 is amlaidh sin ata in lubra ina heslainti truaillighthi gun a cuis, oir is cuis 7 is adbur don uili eslainti hi 7 is mar sin ita in réma ina cuis 7 ina adbur dona heslaintib co huilidhi 7 do moran deslaintib. 7 Ata tisis co uilidhi, oir is uilidhi a hadbur 7 a heslainti. *Item* fetuid uilidecht neimdechfrech techt on gaili 7 ona haoibh 7 ona hindibh, 7 is

¹ toidighi Ar. 333. — ² brigh.

mar sin ita in flux bronn 7 fetuid techt on incind mar sin. *Item* aderur uilidecht uilidhi gortuighe 7 is amlaid sin ata *epilepsia* uilidhi, oir gortuighe si in corp uili ina haixis. 7 Ata *apoplexia* ina heslainti uilidhi, oir toirmiscid si cuimne 7 gluasacht. 7 Aderur uilidecht uilidhi na méidi 7 is amlaid sin aderur in pairilis do beith uilidhi, oir tachmuingidh si leth in cinn¹ a coitcindi no mer no ball ele rannuighe. 7 Aderur eslainti an cinn do beith uilidhi, amail ata a teindes 7. Aderur ni ele do beith o uilidecht uilidhi tosanuigh 7 is amlaid sin atait eslainti in craidhe uilidhi, mar ata tremor 7 *singcopis*. Aderur eslainti na náo do beith uilidhi, mar ata a tes 7 i duinti. Aderur [eslainti] na nindi² do beith uilidhi, mar ata sdirilitas. 7 Aderur uilidecht uilidhi salcuir, mar ata *ictericia* 7 *morfea* 7 *henteria*.

3. Aderur uilidecht uilidhi boill umcengul, oir cenglaid si maille risna ballaib ele co huilidhi, mar ata [eslainti an gaili mar ata] in sgethrách 7 neimdilegad no gaothmuirecht no siadumlacht, no eslainti na nindidh mar ata *colica* 7 *illica*, 7 eslainti na narund 7 in lesa, mar atait clocha, oir is boill serbisecha don corp co huilidhi na boill sin.

4. *Item* aderur eslainti aontadach co huilidhi re *titanus*, oir is eslainti uilidhi sin, oir connmuidh in corp co huilidhi no in rand uachtarach no in rand ichtarach don corp, 7 dechfrigid *oipicostina* 7 *oimpicostina*, oir tachmuingid *epicostina* leth in cuil 7 *empicostina* leth na haighchi 7 tachmuingidh *tetanus* iad ar aon. Et aderur eslainti uilidhi ele do beith and .i. eslainti coitcind 7 idirde-luighter ina neslaintib comcosmaile 7 oifigacha, 7 sgailti na mball ndluith o lothuib 7 do crechtuibh, 7 atait eslainti ele uilidhi ann aderum isin 3 *lebur* inar ndiaigh do reir na ndoctuireadh.

¹ cuirp. — ² leg. nuirged.

A POEM ON THE COMPUTUS

MS. Rawl. B. 512, fol. 52 a 14

1. A Loingsig a hEs mac nEirc,
atfes, at fer condeirc,
in fetar *cethardha cair*
do bith i ngach *ænbliadain?*
2. Da griantairisim glanda,
da equinoctus amra
cecha bliadna, buán in bág, h,
do reir riaghla na Román.
3. Griantairisim geimridh gluáir
in .xii. enair fuair,
in .xii. iuil iartain
griantairisim in tshamraidh.
4. Equinoctus erraigh éim
in .xii. april feil,
equinoctus fogmair fil
in .xii. octimbir.
5. Fil cethrar amra aili
for ænlaithi sechtmaine,
co tí la bratha dia mbrúdh
nochan fhagar an athgudh.
6. Aili uathad erim tric,
fris riaglaidter ind Init ;
cethramad deac, deagda fasc,
fris riaglaidtar in Mór-Chascc.

7. Cetramad nat legait liuin
uathad amra esca iuin
domnach ina diaid, ni dis,
ise domnach Cingcigis.
8. Sechtmad dēac escai iuil
ise side fil fo diuig;
domnach iarsin, seqdo fasc,
isé domnach na Sam-Chasc.
9. Secht n-æs for Init i fuss
.vii. n-æs forsin Inid Corgus
.vii. n-æs for cella cia be,
.vii. n-æs Casc Eserghe.
10. Secht n-æs forsin Min-Caisc mair
a .vii. forsin Fresgabail
a secht for Cinquagis cain
secht n-æs for Caisc in tshamraidh.
11. (Fol.52b) Bad eol duit, a Loinsig lán,
bid do lebar it leth-laim
o .iii. co nomaid, n'áall ngle,
.vii. n-æsa na hInite.
12. O .xxiiii. æin
co n-ice .xxx. tondbain,
ite sin secht n-æs ro clos
do bith forsin Corgos.
13. Otha .xii. n-dil
co .xviii. ni dinim,
.vii. n-æs codchi cin chati
bís for odchi Capláiti.
14. O .v.x., derb ro clecht,
co n-ice æn find fichet,
secht n-æs na Casca Móiri
far n-ugtaras chanoine.

15. O tha aili .xx. finn
 co hochtmad .xx. foidim,
 in bæs do neoch dia mbi fasc
 ite .vii. n-æs na Min-Chasc.
16. O *coiced* xx. co prim
 cen imroll cen *imirim*,
 vii. n-æsa sin, *segdo in dail*,
 bite *farsin Fresgabail*.
17. O *coiced* uathad, ni bréc,
 co n-ice oin delbda *dec*
 vii. n-æs do *gres*, gnim cen geis,
 bit *for domnach Ceingigeis*.
18. O .xviii., derbh ro dlecht,
 cosin .xxviii.
 vii. n-æs na Sam-Chasca sin,
 bat *mebuir* lat, a Loingsigh.
 A *Loingsig*.

EULOGY ON ECNECHAN SON OF DÁLACH KING OF
 TÍR CONAILL, † 906

From MS. Rawl. B. 514, fol. 63 b.

FLANN MAC LONAIN OLLAM CONNACHT CECINIT.

1. Ard do scela a mic na cuach
 doraduis lat as gnimh truagh
 Ecnechan mac Dálaig dil
 do dhul fon *talmain tromdhil*.
2. A mic na cuach gan gainne
 da *mbeth* ar cenn cumainne
dobudh doilig damh a rímh
 gacha tuc damh an t-airdrigh.

3. Dorad dam .v. eocha decc
a n-airimh dam is ni brece
dorad damh .v. failghe oir
7 .v. corna comhóil.
4. An la doroinn or na nGall
dorinde riar mo rorann
.c. uinge arna mbronnadh damh
d'ór is d'aircēt ainghel.
5. Secht sesreacha do damuibh
tuc damh, fa cuanna an cabair,
gu rotrebsad am lis loinn
degmac Dalaig drechaluinn.
6. Airghe do buaib sunna ar leith
nochar eidir dam a cleith
asse as feil riam ranuc
flaith firaluinn finnFanut.
7. A mic na cuach indiss daib
do clannaib Airnelaig áin
don cuiri as feili re daimh
mar tusa d'éis Ecnechain.
8. Dob inmain le Crisd gan crádh
Ecnechan uassal imlán
an la dofhuair da daimh ndil
na smerá ar lar an Fhaillig.
9. Dob inmain le Dia duilech
Ecnechán geal gormsuilech
an la fuair an t-ech riabach
Ecnechan maith moirmhiadhach.
10. Dob inmain le Crisd gan bron
an la dofhuair ced muc mor
a Muine Cinn Gartain gloin
fuair 'na loighe a n-aenfhalai.

11. Dobi carr eich i ngach muic
mac De doordaich an chuid
caicidhis re caisc¹ mor maith
assed dofuair ind ardfhlaith.
12. .X. muca do Doiri donn
an dechmad do caemCholum
a n-onoir righ nime nair
do Doiri Ethne go himlan.
13. A nInis Locha Bethach
batar gan go gan ethach
do roinn a muca go mblaid
ar cloinn Airnelaig anghaid.
14. Tri cert .xx. muc mor maith
sa caisc sin ac an ardfhlaith
re taeb fína 's cech bidh bain
a tigh aird fhinn Ecechain.
15. Tri hingena Ecechain uill
triar ban dob ferr a LethCuinn
Duiblinn 7 Be Buadha
7 Be Binn bithbuadha.
16. Tuc iat do Galluib mara
Ecechan ar n-ardchara
do cind logadh da thir tall
comha do loinges Lochlann.
17. Faidis Duiblinn, le nír ail,
le Caithiss scerdha sciathnar
Be Buadha ac Tuirghes na tor
faidis Be Binn le Galltor.
18. Seoluid sin rompa ar sin
co hIniss aluind Eogain
corub and roghabsat tir
a Carruic alainn tonnmhin.

¹ caisccaisc MS.

19. Elodhuis Duiblinn na tor,
facbuis Cathais 'na codlad,
ruc le cisce an Goill co nglór
mili uinge do dergór.
20. Doluid roimpe laimh re tuinn
go Carruic mBrachaide mbuirr
rob ferr le d'athair 'ga clainn
Cat[h]alán mac Mail Fhabail¹.
21. Impais Cathais scerdha scith
co Cenn Maghair da mochdfh
cor congaib a cisce cain
ar Ecnechan mac Dalaicc.
22. Adubairt Ecnechan oll
re Cathais scerda scithlonn
cret far lecis Duiblinn dil
gan glaschruaidh ara cossaib?
23. Dop inmain lim an ingen
ni fuair uaim olc na imned
dofuair lebaid saimh socuir
co cercaill go caemcolcaid.
24. Nir coir duidsi toeb re mnai
noco mbeith sel a[t] tuini
ante carus an cride
as de doni derbfhine.
25. Sirther damsa m'fhailge oir
a ri a Ecnechain ardmuir
7 Duiblinn ge fuair fail
no airfed crich[a] Conuill.
26. Dobertar duid uili sin,
ar Ecnechan mac Dalaig,
sinde ar tir is sibse ar muir
libse d'arcain tsil Eogain.

¹Cf. § 38.

27. Bendacht ort, ar Cathais corr,
ar do ceill ar do cumann
go brath ní dingnam debaid
ar cumann bud cairdemail.
28. Isbert Ecnechan Enaich
annsin re clainn Airnelaig,
an ferr troid na nGall go mblaid
na bur troid re sil nEoghain ?
29. Bendacht fort a ri go rath,
ar maithe cinil Luighdech,
ferr lind troid rer *secht* coimlin
na rer mbraithrib encoimlín.
30. Indlis Ecnechan go heimh
annsin ceile n-adhmair n-aichmeil
builli faice fech ar bur
do cuingidh arna Galluib.
31. Béim da tuc d'indsaige an croind
Écnechan mac Dalaig duinn
benaíd a cenn a clemhna
nir uno *hicht* do muin mebla.
32. Marbtar lais Tuirgheis na tonn
7 Galltor na garblong,
dob orrdere fan cruinne cain
a ábhacht arna Gallaib.
33. Ábhocht ábhocht, ar cech fer,
ac marbadh na nGall nglemher,
glor *teglai*g Ecnechain uill
ac marbad na nGall cumainn.
34. Ced long is .XX. co ffr
dobé sin a lín rea rim
ní rua fer a mbethaid sair
can marbadh a Cinn Maghair.

35. Donither comairli and sin
ac maithib cinil Eogain
ma rucc sib eñech mná in Goill
frithoilid cenel Conoill.
36. Gé madh í ar mathair uili
Duiblind uallach foltbuidhe
ní feithfemais í dar lind
fá mar budh issi Duiblinn.
37. Dorad Ecnechan can cradh
a ingen do Cathulán
ced bo do fa breth dorr
ech cech toissich a Conoll.
38. Is maith d'Ib Eogain an cuairt
dá nderna an gen saerglán sua[i]rc
Gairtnel mac Cathaláin cuirr
meic Mail Echlainn¹ meic Domnail.
39. Nir gab mac Dalaig na sciath
gan cisde na nGall d'enrian
a faghail do leth ar thús
sul dorinne se clemhnus.
40. Roindis Ecnechan a ór
ar cenel Conuill clethmor
.x. n-uinge da gach tuaith teind
.v. uinge da gach airdchill.
41. Mar tairnic do cagh do riar
andsin tanucsa is mo cliar
is gan ní na laim annsin
luidis tamh air 'com fhaicsin.
42. Is siad dobi uime astigh
maithe clainne Airnelaig
cor teilcsid each uada a cuid
a n-ucht Ecnecháin fialbuic.

¹ Cf. § 20.

43. Cuid fir arna dermad sunn
doraíd an caemri a Conull
duíd a Floinn moir gan me**ba**il
cuid oir cloinni Airnelaig.
44. Ní sin do sc**eluib** an r**íg**
a mic na cuach romla a snim
dorad fo déruib mo damh
techt ar sc**eluib** Ecnechain.
45. Fa maith a gnimh ar dámaib
Ecnechan degmac Dálaig
ara tuc Ecnechan do dáim
as saercenel nEcnechain.
46. Ecnechan mac Dalaig dil
Dalach mac maith Murcertaig
Muircertach mac Cinn Fhaelad
nar foemh riamh a roæradh.
47. Cend Foelad degenach and
mac d'Arnelach na n-eclann
Airnelach fe[i]n nach frith fail
mac sin Mail Duin drechaluinn.
48. Cend Foelad athair Mail Duin
mac Gairb meic Ronáin roúir.
meic Luigdech meic Setna on Roinn
meic Ferchusa meic Conuill.
49. Conall mac Neill meic Echach
mic Cuind calma cruaidrechach
ní rabh do rocloinn ac Niall
commaith Conuill no a coimfhial.
50. Ni tuc a agaidh re cleith
bu ferr do cong**balaidhi** sc**ei**th
nír glac riamh cloidhem corr
flaith *bud* ferr ciall na Conoll.

51. Ris do dhiall Ecnechan oll
 itir corp 7 anam
 itir engnamh as enech
 itir sith is tsodeibeach.
52. Nir gab cenel Conuill cruaid
 ó ré Conuill cloidhimrúaid
 ri mar Ecnechan amhra
 airdri Lethe laechBambha.
53. Leomhan é a comland 'sa cath
 ri le righacht is le rath
 fili ar gaeis laechmar lan
 clerech ar crabud comhlan.
54. Ardhur cech tuaithe a nErruch
 crabud ina caemcellach
 lucht co mor a mbuaib buidhe
 buan bether ga ecaine.
55. Nocha tainic reme riamh
 a commaith am brat no a mbiadh
 acht Colman no Guairi garc
 dar leam a ndomun donnard. Ard.
56. Gormlaith as Niall nert co mblaid
 truag lium a techt fon talmain
 tria mhed doruc cach da cradh
 beid¹ co brath ga cuimnechad.
57. Matadhan mac Oedha Róin
 ri Ulad an tsamhaidh coir
 mair uadha fan cúiced cain
 on Casan go Tuaidh Inbir.
58. Loingsech Muighe Line leir
 truag a techt fon talmain trein
 dob aibhni do Loingsech ann
 ina d'airdri na hErenn.

¹ b7, MS.

59. Gairnel mac Cathalain cain
 truag lim a lecht a Mumain
 gen cor gloruch nir bhó garg
 nir uho bronach an bithbard.
60. Flaitbertach Eidhmidhe uill
 dainimh damh dith meic Domnaill
 ba tuillmech mo toisc om tigh
 co Flaitbert Dunain Inbir.
61. Cen co tucthai orm d'esbaid,
 acht Murchad mac Mailbresail
 dainim damh dith na flathai
 Murchad o Rus Nemletha.
62. Lor atú d'airim an tsluaig
 mo caraid uili ar ndul úaim
 bennacht ar maicne na fer
 denaid aithris a sennser.
63. Beir imchomarc let bu tuaidh
 d'Aiglend mac Enechain uaim
 cenn crabuid Lethe Cuinn co ngráin
 Aidlend mor mac Enechain.
64. Raidh re Cathbarr garb a gal
 denadh aithris a sennser
 beireadh breth mbuirr ar gach mbarc
 cosnad Leth Cuind co comhard.

Ard.

EOLUS LIM

From Additional 30512, fol. 87 b.

1. Eolus lim fri nech atgen
 noch a n-etar a n-eiber,
 monam congra ni conger,
 monam fregra nis freiger.

2. O rocuirighther cul frim
fri hacallaimh ni anuim,
donim baro fri baro
monam caro nis caruim.

3. Duine lasmadh bec mo brigh
tria bith¹ sir ised do-gniú
teigheim seocha, seól cin meth
acalluim nech lasnad fiú.

Eolus lim fri.

THE FIRST JUDGMENT OF AMAIRGIN

MS. H. 3. 17, col. 841.

(Followed immediately in MS. by the account of Cuchulainn and
Connlaech edited by O'KEEFFE, *Ériu*, I, 123-7.)

For a conflicting tradition see KEATING, *I. T. S. ed.*, II, 84 (cf.
MACALISTER & MACNEILL, *Leabhar Gabhála*, I, 252, § 177;
Ossianic Soc. Trans., V, 231). See also *Anc. Laws*, I, 18, 11.

Classa cet breath ruccud i nEirind, ocus cia cetna ruc, ocus cia
dus rucc? Ni hannsa. Eber mac Miled ocus Eirimoin gabsat Indber
Feile, 7 ni edatar in raibe daine a nEirinn. Luid din Eber cona
muintir issin sléib do seilg, 7 marbaid dí oss déc. Bói Eremon hi
fos cona muintir ic denum aitreibe 7 ir² nama bíd. Isberait muintir
Ebir fri muintir Erimoin, Nis biad ni don fiadach ro marbsat,
uair nirbo soethar dóib. Fuigellsad breith Amairgein mac Miled.
Is si inso in breath rucc.

Airrioc fogni concomlai contuairce do henddéice gabaid éccis
moillid munus conrai contoéscái conlaid sech lais contabar contúet
iar mór ching conram conai connernen congam con for conair mairind
nad dergair fogni tech domnaigh. Fir ced guinid classach, fir fenta
lethe, fir concés, fir iarn muinéil conscara contafaind cossa, in athar
fir fadeóid, aei la fialach n-urgadach. Tarla tir a tarrustar.

Isi sin cetna breath ruccad ind hEirinn. Finit.

¹ bitha MS. — ² MS. has ig above the line (in later hand?).

SAINTS OF FERGUS' SEED

MS. Egerton 127, fol. 52^v.

1. Is gnáth dha náomhadh siol Róigh
rioghraidh calma an cháorshlóigh
Fionntuin athardha chlair Breghe
archainglech arsuidh mhac Míleadh.
2. Guaire no naomh dhiobh gach duine
gach fer dhíobh os Láoch Líathmhuine
puirt parthuis 's gan a ccur as
do dáileadh dhóibh mar dhuthchas.
3. Do naomadh Fergus is Meadhbh féin
naomhtar cách o bheith róireid
féile naomhas mná is maith
féile Meadhbh uás gach árdfhlaith
4. Caillin náomhtha d'fág do bhuaidh
ar Dhuibhgin uasal 's air a shliocht
an dhon fritheóilte bheith na ghreann
ag uaisle amhra na hÉirend.

7 reliqua.